# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2018

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS DHÉANACH

# GNÁTHLEIBHÉAL

*TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)*
*(100 marc)*

## TEIDEAL AN STAIDÉIR (níl aon mharc ina leith seo)

Ní cheadaítear marc ar bith i leith an teidil ach ní mór an teideal a thabhairt san áireamh sa mheastóireacht 'ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar staidéir' faoin *Meastóireacht ar na Foinsí*.

## PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar dhá fhoinse a lua.

Foinse amháin a lua go cuimsitheach agus go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc do dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (e.g.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh idirlín, etc.) = 1 mharc

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Agus an freagra á mheas ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| **go han-mhaith** | = 8-9 marc |
| ***go maith*** | = 6-7 marc |
| ***réasúnta*** | = 3-5 mharc |
| ***go lag*** | = 0-2 mharc |

## MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)

Tagairt a dhéanamh d'fheabhas nó do laige na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse | ***go han-mhaith*** = 21-25 marc<br>***go maith*** = 15-20 marc<br>***réasúnta*** = 8-14 mharc<br>***go lag*** = 0-7 marc |
| Gan ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***go han-mhaith*** = 14-17 marc<br>***go maith*** = 10-13 mharc<br>***réasúnta*** = 5-9 marc<br>***go lag*** = 0-4 mharc |

## AISTE FHADA (60 marc)

Aiste staire = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Go han-mhaith:*** 21-25<br>***Go maith:*** 15-20<br>***Réasúnta:*** 8-14<br>***Go lag:*** 0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá suntas ó thaobh staire leis an staidéar a roghnaíodh (ní ábhar gan iomrá, gan tábhacht é)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna.<br>Taighde sách domhain léirithe | ***Sármhaith*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Go lag:*** 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Leagan amach<br>Fad cuí | ***Go han-mhaith:*** 8-10<br>***Go maith:*** 6-7<br>***Réasúnta:*** 4-5<br>***Go lag:*** 0-3 |

*Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)*

Is féidir seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.
Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine.
Tar éis an t-athbhreithniú a mheas, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Go han-mhaith:*** 8-10
***Go maith:*** 6-7
***Réasúnta:*** 4-5
***Go lag:*** 0-3

***Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)***
***(100 marc)***

Tá ceithre chuid sa cheist Dhoiciméad-bhunaithe:

1. Tuiscint (40 marc)
2. Comparáid (20 marc)
3. Criticeas (20 marc)
4. Comhthéacsúchán (20 marc)

***1. Tuiscint (40 marc)***

(a) Chuaigh daoine amach faoi dheifir chun teilifíseán a cheannach nó a fháil ar cíos. 8M

(b) Níor éisteadh leis an raidió ach amháin i rith an lae. 8M

(c) Is cinn dhubha agus bhána a bhí iontu ar fad. 8M

(d) Pearsanra teilifíse (ar nós 'The Fugitive') 8M

(e) 'Jackpot'/'Zorro'/'The Fugitive' 8M

Uasmhéid = 40 marc

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) The Cisco Kid. (Ní Kit Carson) 10M

(b) Fuair údair an dá dhoiciméad a gcéad radharc ar an teilifís i ndálaí comhchosúla. De réir Dhoiciméad A ní raibh teilifíseán ag aon duine ar an mbóthar sa Chabhrach ar a raibh an t-údar ina chónaí sna seascaidí luatha.

Luaitear i nDoiciméad B nach raibh mórán teilifíseán i bPáirc Eoin, Port Láirge thart ar an am sin ach an oiread.

Deir údair an dá dhoiciméad go bhfaca siad a gcéad chlár teilifíse, ní sa bhaile, ach i dteach comharsan leo. Nuair a bhíodh b'fhéidir dháréag de pháistí an cheantair bailithe le chéile os comhair teilifíseán duine éigin sa Chabhrach, ba chosúil go mbíodh leath de pháistí Pháirc Eoin bailithe isteach i seomra suí ar an gcúis chéanna.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte. Ní mór an dá dhoiciméad a lua.

Freagra a luann an dá dhoiciméad = 5M + 5M Uasmhéid = 10M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Nuair a mhaíonn údar Dhoiciméad A nach "raibh teilifíseán ag aon duine ar an mbóthar seo againne go ceann i bhfad", tugtar le fios go mb'fhéidir go raibh na luath-theilifíseáin ródhaor do go leor daoine nó nach raibh a dhóthain teilifíseán ann chun an t-éileamh a shásamh, cé gur léir go raibh an-tóir orthu i measc daoine fásta agus páistí. Nuair a tháinig Telefís Éireann ar an saol, "chuaigh daoine amach faoi dheifir chun teilifíseán a cheannach nó a fháil ar cíos" de réir an údair. Arís tugann an méid sin le fios go raibh an t-éileamh tobann i bhfad níos mó ná líon na teilifíseán a bhí ar fáil.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte. 10M

(b) De réir Dhoiciméad B bhí an oiread sin páistí bruite isteach in aon seomra amháin chun breathnú ar an teilifís, go gceapfá "go raibh leath de pháistí Pháirc Eoin campáilte ann". B'fhéidir go gcuirfeadh "íomhánna dubha agus bána ag preabadh" íomhánna an-bhunúsach in iúl dúinn ach bhí na páistí an-tógtha leo. Ar aon dul le laochra fhinscéalta na hÉireann ghlac na carachtair theilifíse seo páirt mhór i gcaint agus i gcluichí na bpáistí.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte. 10M

***4. Comhthéacsúchán (20 marc)***

Marcáiltear de réir phrionsabal an Ráitis Bhuntábhachta.
Uasmhéid = 20 marc

Tabhair faoi deara go bhfuil **an méid a chuir** RTÉ le sochaí na hÉireann, 1962–1972, á lorg sa cheist.

Is féidir **Ráiteas Buntábhachta** a shainmhíniú mar ráiteas de chineál acu seo a leanas:

- Ráiteas faoi fhíric shuntasach a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Míniú, tuairim nó tráchtaireacht bhailí a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh

- Ráiteas suntasach réamhráiteach **NÓ** clabhsúir a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh

Maidir leis an bprionsabal marcála de réir Ráiteas Buntábhachta a chur i bhfeidhm, déanfaidh na scrúdaitheoirí mar seo a leanas:

- Tar éis an freagra a léamh, ba cheart é a bhriseadh suas ina Ráitis Bhuntábhachta, agus tic (√ ) a chur ag deireadh gach Ráitis Bhuntábhachta a chríochnaítear
- Bronntar 5 mharc ar gach Ráiteas Buntábhachta a chríochnaítear
- D’fhéadfadh go ngnóthófaí 1-4 mharc ar Ráiteas Buntábhachta nach gcríochnaítear ag deireadh freagra

Sa chás seo, maidir le ceist 4 sa Cheist Dhoiciméad-bhunaithe, féachfaidh an scrúdaitheoir le 5 mharc an ceann a bhronnadh as ceithre Ráiteas Buntábhachta chun na méid iomlán de 20 marc a fháil.

***Roinn 2: ÉIRE (100 marc)***
***agus***
***Roinn 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

Ní mór don iarrthóir freagra a thabhairt ar **dhá** Thopaic i Roinn 2 agus ar Thopaic **amháin** i Roinn 3.

Tá gach Topaic roinnte ina trí chuid:

A. Aonad faoi spreagadh le 4/5 cinn de cheisteanna gearra le tabhairt fúthu (uasmhéid: 30 marc)
B. Alt gairid le scríobh mar gheall ar cheann de cheithre cinn de cheannteidil (uasmhéid: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cinn de cheisteanna (uasmhéid: 40 marc)

Déanfar an mharcáil ar A, B agus C mar seo a leanas:

A. Is é an gnáthrud go mbronnfar na marcanna de réir 6 mharc in aghaidh na ceiste agus le 6 mharc x 5 ghnóthófaí uasmhéid 30 marc. Féach ***Nótaí maidir le topaicí faoi leith*** thíos maidir le hathruithe ón nós sin.
B. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 20 marc i leith na Ráiteas Buntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.
C. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 30 marc i leith Ráitis Bhuntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo é an marc iomlán a bhronntar mar gheall ar Ráitis Bhuntábhachta, faoi réir ag uasmhéid 20 marc i gcás chuid B agus uasmhéid 30 marc i gcás chuid C.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**
Agus marcanna á mbronnadh faoi MG, tabharfaidh an scrúdaitheoir san áireamh a fheabhas a thagann an freagra leis an gceannteideal nó a théitear i ngleic leis an gceist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith*** 9-10 marc
***Go han-mhaith:*** 7-8 marc
***Go maith:*** 5-6 mharc
***Réasúnta:*** 3-4 mharc
***Go dona:*** 0-2 mharc

Agus marcanna faoi MC agus MG araon á mbronnadh, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir, ag déileáil leis an ábhar, maidir leis an réimse freagraí inghlactha a bhféadfaí bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an nGnáthleibhéal agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas.

# *Nótaí maidir le topaicí faoi leith*

## *ROINN 2: ÉIRE (100 marc)*

Ceisteanna le freagairt ar cheann **amháin** de na cúig thopaic thíos.

*Éire: Topaic 1*

### Éire agus an tAontas, 1815 1870

A1. An Clár (6)
A2. (Vesey) Fitzgerald (6)
A3. Na cainteoirí nó na baill ba mhó le rá i gCompántas na gCaitliceach (6)
A4. (Trí thagairt a dhéanamh do) bannaí, rincí agus tinte cnámh (6)
A5. Ráiteas bailí AMHÁIN faoi conas a baineadh Fuascailt na gCaitliceach amach (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 2*

### Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870 1914

A1. Taispeántas ceoil ar an orgán (6)
A2. Bhí a gcuid hataí á gcaitheamh acu (agus iad ag dul isteach sa séipéal) (6)
A3. Dhíbir sé na hiománaithe ón séipéal (6)
A4. Mar gheall ar na bandaí iarainn timpeall orthu (6)
A5. Ráiteas bailí AMHÁIN ar ról Uí Chíosóg nó Croke sa CLG. (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 3*

### Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912 1949

A1. Fine Gael (6)
A2. James Everett (6)
A3. Fianna Fáil (síos 8) agus Clann na Talmhan (síos 2) (6)
A4. Bhí níos mó suíochán ag na Neamhspleáigh (ó 10 go 11) (6)

| | | |
|---|---|---|
| A5. | Comhrialtas Idirpháirtíoch | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840 1966**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Nua-Eabhrac | (6) |
| A2. | 300 gluaisteán, iad ar fad maisithe | (6) |
| A3. | Ionadaí an mhéara | (6) |
| A4. | Paráid chuig an Áras Ceoldrámaíochta/Mórshiúl dhá mhíle ar fhad/Halla lán agus daoine taobh amuigh/Chuir Philadelphia slán croíúil leo | (6) |
| A5. | Ráiteas bailí AMHÁIN maidir le cad a bhain de Valera amach lena thuras go Meiriceá | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949 1993**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Doire (3M)<br>12 Lúnasa 1969 (3M) | (6) |
| A2. | Printísigh Dhoire | (6) |
| A3. | Thosaigh buíonta naimhdeacha (Caitliceach agus Protastúnach) ag fógairt ar a chéile/Caitheadh clocha agus buidéil | (6) |
| A4. | Tinte in dhá shiopa (ar Shráid Liam) | (6) |
| A5. | DHÁ aidhm bhailí a bhí ag Printísigh Dhoire 3M x 2 | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)*

Ceisteanna le freagairt ar **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815 1871**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Muilleoireacht chadáis/Beathaítear, gléastar agus cuirtear oideachas ar pháistí | (6) |
| A2. | Leapacha iarainn (3M) ar thuí (3M) | (6) |
| A3. | Mairteoil le hanraith eorna (3M) nó cáis (3M) | (6) |
| A4. | An t-am ar fad/le linn am scíthe agus le linn am oibre | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN nár lean daoine eile sampla Owen | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Dóchasach/Guítheach/Muiníneach/Dea-ullmhaithe/Rómhuiníneach | (6) |
| A2. | Meanma ard iontu/D'airigh siad go raibh siad níos ullmhaithe ná riamh nó nár tugadh an oiread treoracha agus eolais riamh cheana dóibh | (6) |
| A3. | Aon chúis shonrach bhailí AMHÁIN | (6) |
| A4. | Tá siad lán de mhuinín | (6) |
| A5. | Ráiteas bailí AMHÁIN faoin toradh a bhí ar chath an Somme, rud chomh gonta le "chaill siad" fiú | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Bukharin/Rykov/Yagoda | (6) |
| A2. | Comhcheilg le Stailín a mharú | (6) |
| A3. | Ciontach | (6) |
| A4. | Mar ghnáthchoirpigh (ar nós dúnmharfóirí agus spiairí) | (6) |
| A5. | AON chúis bhailí amháin maidir leis an bhfáth ar chuir Stailín seóthrialacha ar bun sna 1930idí | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

A1. Bhí siad sractha as an talamh (6)
A2. Dhá thanc de chuid na Rúise (agus coirp á dtarraingt ina ndiaidh acu) (6)
A3. Mar rabhadh do gach Ungárach (6)
A4. Ní thugann (3M) Ní raibh ach cúpla corp ann/ní raibh an oiread acu agus a shíl an t-údar a bheadh (3M) (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN maidir leis an bhfáth ar thug an Rúis Shóivéadach céimeanna chun Éirí Amach na hUngáire a bhrú faoi chois (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

A1. 4.30 pm (6)
A2. Gur chuir sé (an cúrsóir Newfoundland) frigéad de chuid na hÉigipte go tóin poill (6)
A3. Nasser (6)
A4. Ghabh siad scriostóir de chuid na hÉigipte ` (6)
A5. Ráiteas bailí AMHÁIN maidir le conas a lagaigh Géarchéim Suez seasamh na Breataine sa domhan (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

A1. Ceithre huaire (6)
A2. Suaimhneach (6)
A3. Bhí teannas an-mhór ann (6)
A4. Pé acu an raibh nó nach raibh aerfhórsa na Stát Aontaithe scaipthe i gceart (ar fhaitíos go dtarlódh ionsaí gan choinne)/an modh díreach ceart ba chóir a úsáid chun longa Sóivéadacha a stopadh (6)
A5. Ráiteas bailí AMHÁIN maidir leis an toradh a bhí ar Ghéarchéim na nDiúracán i gCúba (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2018

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS LUATH

# GNÁTHLEIBHÉAL

***TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (níl aon mharc ina leith seo)**

Ní cheadaítear marc ar bith i leith an teidil ach ní mór an teideal a thabhairt san áireamh sa mheastóireacht 'ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar staidéir' faoin *Meastóireacht ar na Foinsí*.

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar dhá fhoinse a lua.

Foinse amháin a lua go cuimsitheach agus go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc do dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (e.g.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh idirlín, etc.) = 1 mharc

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Agus an freagra á mheas ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

**go han-mhaith** = 8-9 marc
***go maith*** = 6-7 marc
***réasúnta*** = 3-5 mharc
***go lag*** = 0-2 mharc

## MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)

Tagairt a dhéanamh d'fheabhas nó do laige na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse | ***go han-mhaith*** = 21-25 marc<br>***go maith*** = 15-20 marc<br>***réasúnta*** = 8-14 mharc<br>***go lag*** = 0-7 marc |
| Gan ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***go han-mhaith*** = 14-17 marc<br>***go maith*** = 10-13 mharc<br>***réasúnta*** = 5-9 marc<br>***go lag*** = 0-4 mharc |

## AISTE FHADA (60 marc)

Aiste staire = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Go han-mhaith:*** 21-25<br>***Go maith:*** 15-20<br>***Réasúnta:*** 8-14<br>***Go lag:*** 0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá suntas ó thaobh staire leis an staidéar a roghnaíodh (ní ábhar gan iomrá, gan tábhacht é)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna.<br>Taighde sách domhain léirithe | ***Sármhaith*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Go lag:*** 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Leagan amach<br>Fad cuí | ***Go han-mhaith:*** 8-10<br>***Go maith:*** 6-7<br>***Réasúnta:*** 4-5<br>***Go lag:*** 0-3 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.
Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine.
Tar éis an t-athbhreithniú a mheas, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Go han-mhaith:*** 8-10
***Go maith:*** 6-7
***Réasúnta:*** 4-5
***Go lag:*** 0-3

**_Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)_**
**_(100 marc)_**

Tá ceithre chuid sa cheist Dhoiciméad-bhunaithe:

1. Tuiscint (40 marc)
2. Comparáid (20 marc)
3. Criticeas (20 marc)
4. Comhthéacsúchán (20 marc)

***1. Tuiscint (40 marc)***

(a) Leis an taoiseach/a phátrún 8M

(b) Déanann sé an dán a aithris/a reic 8M

(c) Ceol na cláirsí 8M

(d) Eallach, capaill, éadach agus miotal lómhar 8M

(e) Láir shíolraithe (in aghaidh gach ceathrú (véarsa) de dhán) 8M

Uasmhéid = 40 marc

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Mar a fheictear i ndoiciméad A, tairgeann na baird seirbhís dá bpatrúin nuair a chumann siad ceathrú nó véarsaí in ómós theaghlach an taoisigh agus shuífidís le taobh an taoisigh ag léiriú tuilleadh dílseachta dó ag ócáid ag ar chan reacaire an bhaird na véarsaí a bhí á dtionlacan ag ceol na cláirsí.

Bhíodh cumadh véarsaí an bhaird ag brath go mór ar thacaíocht an taoisigh. Dá bhrí sin, mar a luadh i ndoiciméad B, ba dhánta molta inar moladh an taoiseach agus a theaghlach den chuid is mó agus dánta caointe faoi dhuine a bhí mór leis an taoiseach a fuair bás ba mhó a chum siad.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc

Freagra a luann an dá dhoiciméad = 5M + 5M Uasmhéid = 10M

(b) Taispeántar sa dá dhoiciméad gur chaith na baird an cineál saoil ar a bhféadfaí "saol duine mór le rá" a thabhairt air sa lá atá inniu ann. Luaitear i ndoiciméad A go n-éiríonn leis an mbard suí in aice leis an taoiseach ag ócáid ag a ndéantar an dán is déanaí uaidh a reic, ba é sin

an phríomháit ag an bpríomhbhord. Tugtar luach saothair dó ansin as a dhán nua le capall agus úim agus cúpla cloch lómhar nó miotal.

Luaitear i ndoiciméad B gur ghnách gur éiligh agus go bhfuair na filí seo íocaíochtaí suntasacha. Is cosúil go bhfuair siad pé rud a bhí uathu mar sin bhí saol breá acu. Liostaítear eallach, capaill, éadach agus miotal lómhar mar luach saothair a fuair siad as deis a thabhairt don taoiseach tuilleadh gaisce a dhéanamh, agus tugtar sampla d'fhile amháin a fuair láir shíolraithe as gach ceathrú (véarsa) a scríobh sé.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc

Freagra a luann an dá dhoiciméad = 5M + 5M Uasmhéid = 10M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Déantar cur síos go simplí i ndoiciméad A ar an gcaoi a ndearnadh an dán is déanaí ón mbard a reic. Is cosúil go ndearnadh é ar bhealach simplí agus díreach. Shuigh an cumadóir síos le taobh an taoisigh fad is a bhí an reacaire ag reic na véarsaí agus ceol na cláirsí sa chúlra chun cur leis ach gan é a chur ar seachrán. Fuair an bard luach saothair maith as a chuid anró ina dhiaidh sin.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.
*Marcáiltear an freagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc An-mhaith = 7-8 marc Go maith = 5-6 mharc Réasúnta = 3-4 mharc Lag = 0-2 mharc
Uasmhéid = 10M

(b) Is foinse thánaisteach é doiciméad B, ní foinse phríomha. Déantar cur síos air sa cheannteideal i gcló trom os cionn an téacs mar "cur síos a rinneadh le gairid" ar fhilíocht na mbard. Dá mba bhard nó dhuine éigin a bhí mar bhreathnóir pearsanta i rith thréimhse na mbard a scríobh é, is foinse phríomha a bheadh ann ansin, ach is cinnte nach mar sin atá. Luaitear an téacs díreach faoi bhun cur síos ó P.A. Breathnach in *The Encyclopedia of Ireland* a foilsíodh díreach cúig bliana déag ó shin. Is cur síos ón aonú céad is fiche é ar fhilíocht na mbard.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.
*Marcáiltear an freagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc Go han-mhaith = 7-8 marc
Go maith = 5-6 mharc Réasúnta = 3-4 mharc Lag = 0-2 mharc

Uasmhéid = 10M

***4. Comhthéacsúchán (20 marc)***

Marcáiltear de réir phrionsabal an Ráitis Bhuntábhachta.
Uasmhéid = 20M

Is féidir **Ráiteas Buntábhachta** a shainmhíniú mar ráiteas de chineál acu seo a leanas:

- Ráiteas faoi fhíric shuntasach a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Míniú, tuairim nó tráchtaireacht bhailí a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Ráiteas suntasach réamhráiteach **NÓ** clabhsúir a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh

Maidir leis an bprionsabal marcála de réir Ráiteas Buntábhachta a chur i bhfeidhm, déanfaidh na scrúdaitheoirí mar seo a leanas:

- Tar éis an freagra a léamh, ba cheart é a bhriseadh suas ina Ráitis Bhuntábhachta, agus tic (√ ) a chur ag deireadh gach Ráitis Bhuntábhachta a chríochnaítear
- Bronntar 5 mharc ar gach Ráiteas Buntábhachta a chríochnaítear
- D'fhéadfadh go ngnóthófaí 1-4 mharc ar Ráiteas Buntábhachta nach gcríochnaítear ag deireadh freagra

Sa chás seo, maidir le ceist 4 sa Cheist Dhoiciméad-bhunaithe, féachfaidh an scrúdaitheoir le 5 mharc an ceann a bhronnadh as ceithre Ráiteas Buntábhachta chun na méid iomlán de 20 marc a fháil.

***Roinn 2: ÉIRE (100 marc)***
***agus***
***Roinn 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

Ní mór don iarrthóir freagra a thabhairt ar **dhá** Thopaic i Roinn 2 agus ar Thopaic **amháin** i Roinn 3.

Tá gach Topaic roinnte ina trí chuid:

A. Aonad faoi spreagadh le 4/5 cinn de cheisteanna gearra le tabhairt fúthu (uasmhéid: 30 marc)
B. Alt gairid le scríobh mar gheall ar cheann de cheithre cinn de cheannteidil (uasmhéid: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cinn de cheisteanna (uasmhéid: 40 marc)

Déanfar an mharcáil ar A, B agus C mar seo a leanas:

A. Is é an gnáthrud go mbronnfar na marcanna de réir 6 mharc in aghaidh na ceiste agus le 6 mharc x 5 ghnóthófaí uasmhéid 30 marc. Féach ***Nótaí maidir le topaicí faoi leith*** thíos maidir le hathruithe ón nós sin.
B. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 20 marc i leith na Ráiteas Buntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.
C. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 30 marc i leith Ráitis Bhuntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo é an marc iomlán a bhronntar mar gheall ar Ráitis Bhuntábhachta, faoi réir ag uasmhéid 20 marc i gcás chuid B agus uasmhéid 30 marc i gcás chuid C.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**
Agus marcanna á mbronnadh faoi MG, tabharfaidh an scrúdaitheoir san áireamh a fheabhas a thagann an freagra leis an gceannteideal nó a théitear i ngleic leis an gceist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith*** 9-10 marc
***Go han-mhaith:*** 7-8 marc
***Go maith:*** 5-6 mharc
***Réasúnta:*** 3-4 mharc
***Go dona:*** 0-2 mharc

Agus marcanna faoi MC agus MG araon á mbronnadh, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir, ag déileáil leis an ábhar, maidir leis an réimse freagraí inghlactha a

bhféadfaí bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an nGnáthleibhéal agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas.

## *Nótaí maidir le topaicí faoi leith*

***ROINN 2: ÉIRE (100 marc)***

Ceisteanna le freagairt ar cheann **amháin** de na cúig thopaic thíos.

*Éire: Topaic 2*

### Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603

| | | |
|---|---|---|
| A1. | 13-15 bliana | (6) |
| A2. | Chaith siad éadaí Sasanacha (ar nós veilbhite agus lása) | (6) |
| A3. | Amuigh faoin aer | (6) |
| A4. | Mar fiú in aimsir sheaca bhídís in ann siúl trí aibhneacha (mar a dhéanfadh spáinnéir uisce) | (6) |
| A5. | Aon chúis bhailí AMHÁIN ar buadh ar Ó Néill i gCogadh na Naoi mBliana | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 3*

### An ríocht in aghaidh na coilíneachta - an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Na Proinsiasaigh | (6) |
| A2. | Éire (3M) agus Albain (3M) | (6) |
| A3. | Léann/Clódóireacht | (6) |
| A4. | Bhí dlúthbhaint ag an gcoláiste le pleananna chun go ndéanfadh an Spáinn ionradh ar Éirinn | (6) |
| A5. | Aon chuspóir bailí AMHÁIN a bhí le bunú coláistí Éireannacha thar lear | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

### Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Bhí drochbhail air | (6) |
| A2. | Taipéisí/Scátháin/Coinnleoirí/Troscán cumhdaithe | |

DHÁ cheann ar bith @ 3M an ceann (6)
A3. Torann ordanáis (3M) agus tinte ealaíne (3M) (6)
A4. Áit d'iarshaighdiúirí (6)
A5. Fear Ionaid an Rí in Éirinn (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

A1. Chun díoltas a bhaint amach as ucht na héagóra a rinneadh ar na bochtáin/Chun ballaí agus claíocha a scriosadh (6)
A2. Fálú/Talamh coimín a fhálú (6)
A3. Jabairí stoic a imeaglú (a scanrú) (chun go ngéillfidís na héilimh atá ag daoine bochta) (6)
A4. Ag cosaint. Toisc go ndeir siad go bhfuil "díoltas á bhaint amach againn as ucht na héagóra a rinneadh ar na bochtáin"/Tá siad ag iarraidh go mbeidh fáil arís ag na bochtáin ar thalamh coimín/Thriail siad jabairí stoic a imeaglú (a scanrú) chun go ngéillfidís na héilimh atá ag daoine bochta (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN go raibh mórán corraíola faoi chúrsaí talún in Éirinn sa tréimhse sin (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

A1. An stíl Iodálach (6)
A2. Póirseáid (póirse) Theach na dTiarnaí (6)
A3. Dúirt sé go raibh na seomraí maireachtála "fairsing, maorga agus áisiúil". (6)
A4. Ba iad na cistineacha agus na socruithe i gcomhair dea-bhéilí do na feisirí parlaiminte ba mhó a chuir ionadh air (6)
A5. Sampla bailí AMHÁIN den chultúr Seoirseach seachas Teach Pharlaimint na hÉireann (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

***ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

Ceisteanna le freagairt ar **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Na tábhairneoirí | (6) |
| A2. | Cuirfear pionós orthu | (6) |
| A3. | Níor ceadaíodh, bhí cosc ar dhísle nó cártaí | (6) |
| A4. | Ní raibh cosc iomlán uirthi. Níor cuireadh cosc ach ar amhráin gháirsiúla. | (6) |
| A5. | Áit AMHÁIN ar leath an Cailvíneachas chuici ón nGinéiv | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht sa séú haois déag dhéanach, 1567-1609**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Mar gur cuireadh ina leith gur ghoid sé páistí (chun iad a sheoladh ar ais lena ndíol san Iodáil) | (6) |
| A2. | Lascadh é | (6) |
| A3. | Le clocha | (6) |
| A4. | Cheap. Cheap na saoithe (na scoláirí) ba shine in Guangzhou é freisin | (6) |
| A5. | Na hÍosánaigh/Cumann Íosa | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Dul ar gcúl na Sean Eorpa, 1609-1660**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | An Chúistiúnacht | (6) |
| A2. | An teoiric go bhfithisíonn na pláinéid an ghrian/teoiric Copernicus | (6) |
| A3. | Fuair sé cáineadh a bhí éadrom in aon turas | (6) |
| A4. | Rinne sé fonóid faoi thuairimí an Phápa (Urbánas VIII) | (6) |
| A5. | Fionnachtain eolaíochta AMHÁIN bhailí a rinne Galileo | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

A1. Gairdíní mórga/Siamsaí rialta (6)

A2. Na daoine atá le dul ar thurais ríoga in éineacht leis a ainmniú (6)

A3. Trí na daoine nach raibh chun é a thionlacan ar thurais ríoga a ainmniú (6)

A4. Ní cheapann. Ní raibh sé réasúnach ag na cúirteoirí an oiread sin tábhachta a leagan ar rud chomh fánach leis (6)

A5. Cúis AMHÁIN bhailí go raibh an oiread uaisle ag Louis XIV in Versailles (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

A1. Treabhadh/Ag cur (6)

A2. Ag fuirseadh/Ag burlaíocht (6)

A3. Muilte gaoithe (6)

A4. Tiarna feodach/Tiarna talún/Uaisle, etc (6)

A5. Aon athrú AMHÁIN bailí a thosaigh ag teacht chun cinn i sochaí na tuaithe roimh 1775 (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

A1. Éirí amach sna príosúin (6)

A2. Éirí amach uaslathach (6)

A3. Páras (6)

A4. Aontú (6)

A5. Páirt lárnach AMHÁIN a bhí ag Robespierre i Réabhlóid na Fraince (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

Leathanach Bán